

# Baile Átha Cliath á Cumhachtú

Tionscadal Fostáisiúin Lár Bhaile Átha Cliath

EirGrid.ie/dublin

# Cé hiad EirGrid agus Céard a Dhéanaimid?

Is cuideachta faoi úinéireacht an stáit é EirGrid a fhorbraíonn, a bhainistíonn agus a oibríonn eangach leictreachais na hÉireann. Táimid freagrach as soláthar leictreachais na hÉireann, atá sábháilte, slán agus iontaofa. Tá EirGrid ar thús cadhnaíochta freisin maidir le haistriú slán na n-eangach leictreachais chuig todhchaí inbhuanaithe, ísealcharbóin.

Tugann an eangach cumhacht ón áit a ghintear í chomh fada leis an líonra baile a sholáthraíonn an leictreachas a úsáidimid gach lá i dtithe, gnólachtaí, scoileanna agus ospidéil.

# Céard atá i gceist le Baile Átha Cliath á Cumhachtú?

Is clár ríthábhachtach é Baile Átha Cliath á Cumhachtú a neartóidh an príomhbhonneagar leictreachais i mBaile Átha Cliath agus sa cheantar mórthimpeall, agus a chabhraíonn lena chinntiú go mbeidh Éire 'faoi réir inbhuanaithe'. Cabhróidh an clár seo le soláthar comhsheasmhach agus iontaofa leictreachais a sholáthar do Bhaile Átha Cliath.

Chun Baile Átha Cliath á Cumhachtú a chur i gcrích, caithfear cúig bhealach a shuiteáil le haghaidh cáblaí ardvoltais faoi thalamh le hiad a chur in ionad na gcáblaí níos sine, chomh maith le huasghráduithe fostáisiúin agus tógáil fostáisiún tarchurtha leictreachais nua i mBaile Átha Cliath Láir.

**Tá EirGrid ar thús cadhnaíochta freisin maidir le haistriú slán na n-eangach leictreachais chuig todhchaí inbhuanaithe, ísealcharbóin.**



# Cad atá ag tarlú anois?

Mar chuid de chlár Bhaile Átha Cliath á Cumhachtú, sainaithníodh Fostáisiún Gásinslithe (FGI) 220kV/110kV nua mar an réiteach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar an éileamh ar leictreachas sa chathair atá ag dul i méid. Nascfar an FGI seo le ceann de na ciorcaid 220 kV atá ann cheana féin sa Lárchathair Thuaidh.

Tacóidh an stáisiún nua leis:

- Tithíocht chónaithe agus forbraíochtaí tráchtála i Lár na Cathrach
- An fás ar éileamh mar gheall ar leictriú teasa agus iompair
- Slándáil an tsoláthair a fheabhsú i Lár na Cathrach
- Fuinneamh in-athnuaite a thabhairt isteach san eangach

Tá suirbhé déanta ag EirGrid ar cheantar an Phoirt Thoir chun suíomhanna oiriúnacha a aithint don stáisiún tarchurtha nua seo chun an eangach leictreachais i gCathair Bhaile Átha Cliath a neartú.

Mar thoradh ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus úinéirí talún sa cheantar le roinnt míonna anuas, sainaithníodh roinnt láithreán sa cheantar, ach tá suíomh amháin aitheanta mar rogha indéanta chun an stáisiún a thógáil.

Tá eolas mionsonraithe faoin tslí a roghnaíodh an suíomh le fáil i dtuarascáil Chéim 3 atá ar fáil lena léamh agus lena híoslódáil ar ár suíomh gréasáin eirgrid.ie/dublin

Taispeántar san íomhá thíos an suíomh a aithníodh mar an suíomh is oiriúnaí le linn phróiseas Chéim 3.

Is carrchlós folamh agus athfhorbraíochta é an suíomh seo atá faoi úinéireacht BSL ar Bhóthar an Phoirt Thoir. Tá an suíomh thart ar 50m ó chiorcad 220kV Fhionnghlaise – Port na Sliogán a ritheann feadh an taobh thuaidh den M50. Tá sé beartaithe Fostáisiún Gásinslithe (FGI) 220kV/110kV a thógáil ar an suíomh seo.

# Buntáistí Tionscadail

## Slándáil agus iontaofacht an tsoláthair

Trí eangach leictreachais níos iontaofa agus níos seasmhaí a fhorbairt, cinnteofar go mbeidh fuinneamh ag gach duine san am agus san áit a mbíonn sé ag teastáil. Chomh maith leis sin, cumasóidh an t-uasghrádú seo neamhspleáchas trí leas a bhaint as foinsí fuinnimh níos glaise gar don chathair.

## Freastal ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo

Cabhróidh na feabhsuithe seo freisin le freastal ar riachtanais leictreachais Bhaile Átha Cliath atá ag dul i méid agus ag athrú. Áirítear leis seo leictriú córas iompair, feithiclí agus téimh, chomh maith le forbairt tithíochta agus gnólachtaí.

## Inbhuanaitheacht

Cuirfidh Baile Átha Cliath á Cumhachtú ar chumas eangach na cathrach an leictreachas a ghintear ó fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta a úsáid agus a tharchur chuig croílár na cathrach. Is céim ríthábhachtach é seo chun cabhrú le hÉirinn aistriú chuig leictreachas ísealcharbóin amach anseo.

## Buntáistí eacnamaíocha

Cabhróidh na huasghráduithe criticiúla seo le geilleagar Bhaile Átha Cliath a neartú, rud a spreagfaidh infheistíocht amach anseo agus a thacóidh léi.

## Buntáistí pobail

Tacóidh ár gciste sochair pobail go díreach le pobail áitiúla sna ceantair ina mbeidh bonneagar an tionscadail á óstáil.

## Áitiúil

Ag cabhrú le freastal ar riachtanais mhéadaithe iompair áitiúil agus leictriúcháin tithíochta.




An radharc taobh amuigh atá molta,
ó Bhóthar an Phoirt Thoir

# Ceisteanna Coitianta

Freagróidh an chuid seo a leanas ceisteanna coitianta a bhaineann le tionscadal Forbartha Fostáisiúin Bhaile Átha Cliath Láir. Má tá aon cheist eile agat, is féidir eolas a fháil faoi conas teagmháil a dhéanamh ag deireadh an doiciméid seo.

### Cén fáth a bhfuil gá le stáisiún tarchuir nua i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath?

Faigheann Lár Chathair Bhaile Átha Cliath a cumhacht faoi láthair ó fhostáisiúin tarchurtha atá ann cheana féin i bhFionnghlas, sa Rinn agus in Inse Chór. Meastar go mbainfidh na stáisiúin tarchurtha seo a dteorainneacha acmhainne amach sna blianta amach romhainn. Dá bhrí sin, tá gá le fostáisiún atá suite go lárnach chun tacú le riachtanais leictreachais Bhaile Átha Cliath atá ag dul i méid.

### Conas a roghnaíodh an suíomh seo?

Rinneadh iniúchadh ar oiriúnacht roinnt suíomhanna féideartha le linn Chéim 3 de chreat EirGrid d'fhorbairt eangaí. Rinneadh measúnú ar shuíomhanna féideartha don stáisiún agus cuireadh na hábhair seo a leanas san áireamh:

- Féidearthacht theicniúil;
- Tionchar ar an gcomhshaol;
- Tionchar socheacnamaíoch; agus
- Inseachadtacht.

Agus úsáid á baint as na critéir sin, meastar gurb é an suíomh atá leagtha amach sa doiciméad seo an ceann is oiriúnaí.

### An suíomh deiridh é suíomh an stáisiúin?

Leanfaidh EirGrid le measúnú a dhéanamh ar indéantacht theicniúil an tsuímh a aithiníodh ar Bhóthar an Phoirt Thoir. Cé go bhfuil an suíomh socraithe, baileofar aon aiseolas a gheofar agus cuirfear san áireamh é de réir mar a thabharfar an dearadh chun críche.

### Cad is Fostáisiún Gásinslithe ann? (FGI)

Is fostáisiún leictreachais faoi dhíon é FGI a sholáthraíonn leictreachas chuig an líonra dáileacháin leictreachais áitiúil, rud a thugann cumhacht do thithe agus do ghnólachtaí. Tá FGI níos lú ná Fostáisiúin Aerinslithe (FAI) agus mar sin tá siad níos oiriúnaí don suíomh srianta seo. Gás SF6 is ainm don ghás a úsáidtear. Gás gan bholadh atá ann agus tá sé an-chobhsaí, neamhthocsaineach agus neamh-inlasta. Ina theannta sin, tá an trealamh faoi iamh go hiomlán laistigh de struchtúr agus tagann sé leis an gcomhshaol atá ann cheana féin.

### Cad a dhéanfaidh an stáisiún?

Nascfaidh an fostáisiún tarchurtha nua nó an Fostáisiún Gásinslithe (FGI) an córas tarchurtha ardvoltais, rud a thabharfaidh leictreachas isteach sa tír, agus an córas dáileacháin voltais níos ísle a thugann leictreachas go díreach chuig tithe agus gnólachtaí.

### Cathain a thógfar an stáisiún?

Tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an tógáil go luath in 2028. Leanfaidh EirGrid le pobail agus gnólachtaí a choimeád ar an eolas faoi dhul chun cinn an tionscadail de réir mar a fhorbróidh sé.



## An mbeidh cur isteach ar thrácht ag baint leis an obair seo?

Beidh gá le roinnt cáblaí ciorcaid chun an stáisiún a nascadh le ciorcad 220kV Fhionnghlaise – Port na Sliogán a ritheann feadh an taobh thuaidh den M50. Sula gcuirfear tús le haon oibreacha, comhaontófar pleanáil bainistíochta tráchta le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Coimeádfar gnólachtaí áitiúla agus an pobal ar an eolas sula ndéanfar aon obair.

## Cad iad na chéad chéimeanna eile?

Leanfaidh EirGrid le measúnú a dhéanamh ar indéantacht theicniúil an tsuímh a aithníodh ar Bhóthar an Phoirt Thoir agus oibreoidh siad leis an bpobal agus páirtithe leasmhara áitiúla. Déanfar tuairisciú agus léarscáiliú srianta chomh maith le Measúnacht Tionchair Timpeallachta de réir mar a thabharfar an dearadh chun críche.

## Conas a oibríonn EirGrid le pobail áitiúla?

Tá a lán oibre ar siúl ar fud an chláir, Baile Átha Cliath á Cumhachtú roimh an gcéim seo. Tá EirGrid tiomanta do phobail a chur i gcroílár a gcuid oibre. Ag teacht leis an ngealltanas seo, coimeádfaimid ar an eolas thú ag gach céim agus muid ag dul chun cinn lenár bpleananna agus éistfimid le d'aiseolas agus muid ag neartú na heangaí i do cheantar.

Is í Liz Dillon ár n Oifigeach Idirchaidrimh Pobail (OIP) tiomanta atá ag obair ar an gclár Baile Átha Cliath á Cumhachtú. Is féidir sonraí teagmhála Liz a fháil ag deireadh an doiciméid seo.

## An oibríonn EirGrid i gcomhair le soláthraithe fóntas agus bonneagair eile?

Bhunaigh EirGrid Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2022 chun cur isteach ar ghnólachtaí agus ar phobail ar fud na cathrach a íoslaghdú. Páirteach san Fhóram tá gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí reachtúla atá ag obair le chéile chun deiseanna comhoibrithe a aithint, agus chun smaointe agus faisnéis a roinnt maidir le hoibreacha bonneagair pleanáilte ar fud na cathrach.

## An bhfuil Ciste Sochair Pobail bainteach leis an tionscadal seo?

Cinnte, oibreoimid i dtreo tabhairt ar ais do phobail mar chuid dár mBeartas Sochair Pobail. Díreoidh ár dtacaíocht ar na téamaí seo a leanas – pobail, inbhuanaitheacht agus bithéagsúlacht. Beimid faoi stiúir páirtithe leasmhara áitiúla ar na bealaí is fearr chun na cistí leasa pobail atá curtha ar leataobh do na tionscadail seo a úsáid, ionas go dtabharfar tacaíocht do na heagraíochtaí, na clubanna agus na grúpaí sin a bhfuil an tionchar is dearfaí acu i measc na bpobal seo.

De réir pholasaí EirGrid, cuirfear maoiniú ar fáil do ghrúpaí pobail, inbhuanaitheachta agus bithéagsúlachta áitiúla agus do thionscadail ar thógáil an stáisiúin.

Tabhair cuairt ar eirgrid.ie/community chun tuilleadh eolais a fháil faoi Chiste Sochair Pobail EirGrid, nó téigh i dteagmháil le dublin@eirgrid.ie

## Conas is féidir liom tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal seo?

Tá gach eolas a bhaineann le tionscadal Fostáisiún Bhaile Átha Cliath Láir le fáil ar ár suíomh gréasáin www.eirgrid.ie/dublin

Beidh dhá imeacht eolais á reáchtáil ag EirGrid freisin i gceantar an Phoirt Thoir sna seachtainí amach romhainn, agus tá na sonraí lena mbaineann le fáil thíos.



# Imeachtaí Eolais

Beidh EirGrid ag reáchtáil dhá phreabimeacht eolais chun eolas a chur ar fáil don phobal ar Thionscadal Forbartha Fostáisiúin Bhaile Átha Cliath Láir. Is deis iad na himeachtaí seo do dhaoine agus do ghrúpaí leasmhara an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Labhairt le ball den fhoireann theicniúil agus lenár nOifigeach Idirchaidrimh Pobail
- Féachaint ar shonraí an tionscadail
- Ceisteanna a chur nó ceisteanna a d'fhéadfadh teacht as an tionscadal a phlé

Is imeachtaí buail isteach iad seo agus ní gá duit coinne a dhéanamh. Chomh maith leis sin, tá ár bhfoireann sásta bualadh le daoine aonair, grúpaí pobail agus grúpaí gnó ar bhonn duine le duine má iarrtar sin.

Seo thíos sonraí na n-imeachtaí:

**24 Meitheamh,** 11.00 – 3.00pm
Fostáisiún Chalafort
Bhaile Átha Cliath
Bóthar Alexandra,
Baile Átha Cliath 1

**26 Meitheamh,** 4.00pm – 8.00pm
Scoil Chomhoideachais Naomh Seosamh
Bóthar an Phoirt Thoir,
Baile Átha Cliath 1

**4 Iúil,** 11.00 – 3.00pm
Ionad Pobail Sheáin Uí Chathasaigh
Bóthar Mhuire, An Port Thoir,
Baile Átha Cliath 1




# Cé leis ar féidir liom teagmháil a dhéanamh in EirGrid?

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le foireann Bhaile Átha Cliath á Cumhachtú, más mian leat, trí na modhanna seo a leanas:

Seoladh ríomhphoist: Dublin@EirGrid.ie

Saorphost: Baile Átha Cliath á Cumhachtú, EirGrid cpt, Saorphost FDN 5312, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath, D04 FW28

Chomh maith leis sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Idirchaidrimh Pobail:



**Liz Dillon**
Oifigeach Idirchaidrimh Pobail
Liz.Dillon@eirgrid.com
087 188 7982

**Déan scanadh anseo le tuilleadh eolais a fháil faoi Bhaile Átha Cliath á Cumhachtú**

EirGrid

An Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath, D04 FW28
01 627 1700 | EirGrid.ie

CARBON BALANCED PAPER
WORLD LAND TRUST™
www.carbonbalancedpaper.com
CBP002856